**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/3111 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6 Nollaig 2024**

**lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir**

*(tugadh fógra faoi leis an doiciméad C(2024) 8774)*

**(Is é an téacs Bulgáirise amháin atá barántúil)**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 259(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is galar víreasach tógálach é an bholgach caorach agus an bholgach gabhar a bhíonn ar ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair agus d'fhéadfadh tionchar tromchúiseach a bheith aige ar an daonra ainmhithe lena mbaineann agus ar bhrabúsacht na feirmeoireachta, rud a chuirfeadh isteach ar aistriú coinsíneachtaí na n-ainmhithe sin agus a dtáirgí laistigh den Aontas agus ar onnmhairí go tríú tíortha.

(2) I gcás ráig den bholgach caorach agus den bholgach gabhar in ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair, tá riosca tromchúiseach ann go leathfadh an galar sin go bunaíochtaí eile ainmhithe den chineál gabhair nó den chineál caorach.

(3) Le Rialachán Tarmligthe 2020/687 ón gCoimisiún ([2]) forlíontar na rialacha maidir le rialú na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, agus a shainmhínítear mar ghalair de chatagóirí A, B agus C i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún ([3]). Go háirithe, foráiltear le hAirteagail 21 agus 22 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 maidir le crios srianta a bhunú i gcás ráig de ghalar de chatagóir A, lena n-áirítear an bholgach caorach agus an bholgach gabhar, agus maidir le bearta áirithe a bheidh le cur i bhfeidhm ann. Ina theannta sin, foráiltear le hAirteagal 21(1) den Rialachán Tarmligthe sin go gcuimseofar leis an gcrios srianta crios cosanta, crios faireachais, agus, más gá, criosanna srianta breise timpeall na gcriosanna cosanta agus faireachais nó cóngarach dóibh.

(4) Glacadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2778 ón gCoimisiún ([4]) faoi chuimsiú Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos leis bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le hionfhabhtú leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le galair liostaithe áirithe a chosc agus a rialú (IO L 174, 3.6.2020, lch. 64, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/687/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1882 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2018 maidir le rialacha áirithe coisctheacha agus rialaithe galar a chur i bhfeidhm i dtaca le catagóirí galar liostaithe agus lena mbunaítear liosta speiceas agus grúpaí speiceas a bhfuil riosca nach beag ag baint leo maidir le leathadh na ngalar liostaithe sin (IO L 308, 4.12.2018, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/1882/oj).

([4]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2778 ón gCoimisiún an 24 Deireadh Fómhair 2024 maidir le bearta éigeandála eatramhacha áirithe a bhaineann le bolgach caorach agus bolgach gabhar sa Bhulgáir (IO L, 2024/2778, 29.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2778/oj).

(5) Tar éis ghlacadh Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2778 ann, thug an Bhulgáir fógra don Choimisiún faoi ráig bhreise den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíocht ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach nó den chineál gabhair. Mar thoradh air sin, rinneadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2778 a aisghairm agus cuireadh Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 ón gCoimisiún [5] ina ionad. Go sonrach, déantar foráil le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 maidir leis na criosanna cosanta, na criosanna faireachais agus na criosanna srianta breise atá le bunú ag an mBulgáir, i gcomhréir le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, go gcuimseoidh na criosanna sin ar a laghad na limistéir a liostaítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh Cur Chun Feidhme sin.

(6) Ó bhí dáta glactha Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 ann, thug an Bhulgáir fógra don Choimisiún faoi dhá ráig eile den bholgach caorach agus den bholgach gabhar i mbunaíochtaí ina gcoimeádtar ainmhithe den chineál caorach, bunaíochtaí atá lonnaithe in aonad réigiúnach Haskovo. Tá na ráigeanna nua sin lonnaithe laistigh d'imlíne na gcriosanna srianta breise a bunaíodh cheana mar thoradh ar ráigeanna a tharla roimhe sin sna limistéir chéanna.

(7) Dá bhrí sin, na limistéir a liostaítear mar chriosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise sa Bhulgáir san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918, ba cheart iad a choigeartú ó thaobh spáis agus ama de chun leathadh breise an ghalair sa Bhulgáir agus sa chuid eile den Aontas a chosc, agus ba cheart fad na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna sin a choigeartú.

(8) Ba cheart méid na gcriosanna agus fad tréimhse na mbeart atá le cur i bhfeidhm sna criosanna cosanta, criosanna faireachais agus criosanna srianta breise a bheith bunaithe ar na critéir a leagtar amach in Airteagal 64(1) de Rialachán (AE) 2016/429 agus ar na rialacha a leagtar síos i Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/687, lena n-áirítear an staid eipidéimeolaíoch a mhéid a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sna limistéir a raibh difear déanta dóibh de bharr an ghalair sin agus staid eipidéimeolaíoch fhoriomlán na bolgaí caorach agus na bolgaí gabhar sa Bhulgáir mar aon leis an leibhéal riosca maidir le leathadh breise an ghalair. Ba cheart caighdeáin idirnáisiúnta an Chód um Shláinte na nAinmhithe Talún ón Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe a chur san áireamh freisin agus fad na mbeart á chinneadh. [6]

(9) Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 a leasú dá réir.

(10) Agus aird á tabhairt ar an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair san Aontas maidir le bolgach caorach agus bolgach gabhar, ba cheart tréimhse chur i bhfeidhm Chinneadh Cur Chun Feidhme Cinneadh (AE) 2024/2918 a fhadú go dtí an 28 Feabhra 2025. Na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918**

Leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme C(2024) 2918 mar a leanas:

1. in Airteagal 4, cuirtear '28 Feabhra 2025' in ionad an dáta '31 Eanáir 2025';

2. cuirtear an téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad na hIarscríbhinne.

[5] Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2918 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2024 maidir le bearta éigeandála áirithe a bhaineann leis an mbolgach caorach agus leis an mbolgach gabhar sa Bhulgáir agus lena n-aisghairtear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2778 (IO L, 2024/2918, 22.11.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2024/2918/oj).

[6] Cód um Shláinte na nAinmhithe Talún de chuid na hEagraíochta Domhanda um Shláinte Ainmhithe, Rochtain ar Líne ar an gCód um Shláinte na nAinmhithe Talún - WOAH - an Eagraíocht Dhomhanda um Shláinte Ainmhithe.

*Airteagal 2*

**Seolaí**

Is chuig na Poblacht na Bulgáire a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Nollaig 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
Olivér VÁRHELYI
*Comhalta den Choimisiún*

*IARSCRÍBHINN*

## A. **Criosanna cosanta agus faireachais a bhunaítear timpeall ar ráigeanna deimhnithe**

| An réigiún agus uimhir thagartha ADIS na ráige | Limistéir a bhunaítear mar chriosanna cosanta agus faireachais, cuid de na criosanna srianta sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 1 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí |
|---|---|---|
| **Réigiún Haskovo**<br>BG-CAPRIPOX-2024-00005 | An crios cosanta:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.71774, domhanfhad 26.31818 (2024/5) | 30.11.2024 |
| | An crios faireachais:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.71774, domhanfhad (26.31818 (2024/5), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta | 9.12.2024 |
| | An crios faireachais:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.71774, domhanfhad 26.31818 (2024/5) | 1.12.2024 – 9.12.2024 |
| **Réigiún Haskovo**<br>BG-CAPRIPOX-2024-00003<br>BG-CAPRIPOX-2024-00004<br>BG-CAPRIPOX-2024-00006<br>BG-CAPRIPOX-2024-00007 | An crios cosanta:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 3 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.9698, domhanfhad 25.6564 (2024/3), domhanleithead 41.96, domhanfhad 25.65 (2024/4), domhanleithead 41.96618, domhanfhad 25.66267 (2024/6), domhanleithead 1.91051, domhanfhad 25.54653(2024/7) | 11.12.2024 |
| | An crios faireachais:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.9698, domhanfhad 25.6564 (2024/3), domhanleithead 41.96, domhanfhad 25.65 (2024/4), domhanleithead 41.96618, domhanfhad 25.66267 (2024/6), domhanleithead 1.91051, domhanfhad 25.54653(2024/7), diomaite de na limistéir atá san áireamh sa chrios cosanta | 20.12.2024 |
| | An crios faireachais:<br><br>Na codanna sin de réigiún Haskovo, laistigh de chiorcal ag a bhfuil ga 10 chiliméadar, agus a bhfuil a lárphointe suite ag na comhordanáidí UTM 30, ETRS89 seo a leanas: domhanleithead 41.9698, domhanfhad 25.6564 (2024/3), domhanleithead 41.96, domhanfhad 25.65 (2024/4), domhanleithead 41.96618, domhanfhad 25.66267 (2024/6), domhanleithead 1.91051, domhanfhad 25.54653(2024/7) | 12.12.2024 – 20.12.2024 |

B. **Criosanna srianta breise**

| An t-aonad réigiúnach | Limistéir atá sna criosanna srianta breise a bhunaítear sa Bhulgáir dá dtagraítear in Airteagal 2 | An dáta a bheidh sé infheidhme go dtí |
|---|---|---|
| **Réigiún Stara Zagora** | Bardasachtaí Radnevo, Stara Zagora | 16.11.2024 – 20.12.2024 |
| | Bardasachtaí Galabovo agus Opan | 21.12.2024 – 19.1.2025 |
| **Réigiún Haskovo** | Críocha iomlána réigiún Haskovo, diomaite de na limistéir atá san áireamh in aon chrios cosanta nó faireachais. | 19.1.2025 |
| | Críoch iomlán réigiún Haskovo | 21.12.2024 – 19.1.2025 |